# Leibhéal a 4

# Forbhreathnú

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| An Creideamh Críostaí | • Rúndiamhair Dé<br>• Rúndiamhair Íosa Críost<br>• Rúndiamhair an Spioraid Naoimh<br>• Cruthú an Domhain<br>• Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta<br>• Muire<br>• An Bheatha Shíoraí<br>• Traidisiúin Reiligiúnacha eile |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Briathar Dé | • An Bíobla<br>• Scrioptúr Naofa<br>◊ Plean Grámhar Dé don Slánú<br>◊ Breith agus Óige Íosa<br>◊ Saol Poiblí Íosa<br>◊ Páis agus Bás Íosa<br>◊ Aiséirí agus Deascabháil Íosa<br>◊ An Chincís |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Liotúirge agus Urnaí | • Urnaí<br>◊ Urnaí Fhoirmeálta<br>◊ Paidreacha Breise<br>• An Liotúirge<br>• An Bhliain Liotúirgeach<br>• Na Sacraimintí<br>• An tAifreann |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
| --- | --- |
| Moráltacht Chríostaí | • Dínit an Duine<br>• Saoirse agus Freagracht an Duine<br>• Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé<br>• Teagasc Sóisialta na hEaglaise<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí |

# Snáithe: An Creideamh Criostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- tuiscint a bheith acu ar an nglaoch a fhaigheann siad trí ghrásta, caidreamh a bheith acu le Dia
- an freagra a thugann an duine ar an nglaoch a fhaigheann sé/sí ó Dhia a bheith i gcaidreamh leis agus an chaoi a mbíonn beannacht, grásta, coimhlint agus laige (Peaca an tSinsir) i gceist (CSRE 1d)
- tuiscint a bheith acu go bhfuil gníomhartha sábhála agus grá Dé léirithe i stair an tslánaithe agus curtha i gcrích ag Íosa (GS 10; GDC 98, 107, 115, 130; ChEC 1094-95)
- fiosrú a dhéanamh ar ról Mhuire i bplean Dé don slánú (ChEC 484-511)
- gur tháinig an Spiorad Naomh chuig an Eaglais ag am Cincíse agus beidh sé in éineacht léi go deo (ChEC 731-32; 737-47)
- tuiscint a fhorbairt ar na fadhbanna/ceisteanna a bhaineann le réamhógánaigh ar a dtugann an creideamh Críostaí freagra (GS 4; GDC 10)
- a dtuiscint ar an Eaglais mar phobal creidimh a fhorbairt
- a bhfeasacht agus a dtuiscint ar a spioradáltacht Chríostaí a mhúscailt
- tuiscint a fhorbairt ar an tábhacht atá le gníomhartha éacúiméineacha agus comhrá idir -reiligiúnach agus ar na bealaí a oibríonn daoine reiligiúnacha le chéile chun domhan níos fearr a chruthú
- tuiscint conas a gcreideamh féin a léiriú i láthair dhaoine eile agus meas a léiriú ar chreideamh dhaoine eile
- meas a fhorbairt ar luachanna teaghlaigh agus pobail i dtraidisiúin reiligiúnacha eile (NA 2)
- eolas agus foclóir oiriúnach do chreidimh, daoine beannaithe, scríbinní, agus ócáidí ceiliúrtha na gCríostaithe áitiúla agus pobail Giúdacha agus Moslamacha in Éirinn a fhorbairt.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint:**

- Anailís a dhéanamh ar an idirghníomhú idir a chultúr féin agus an creideamh Críostaí
- Na ceangail idir chreidimh na gCríostaithe agus cleachtais phobal na hEaglaise a aithint agus a shamhlú.

**Cumarsáid:**

- Breithiúnais agus cinntí faoi choincheapa agus creidimh reiligiúnacha a dhlisteanú.

**Ag Forbairt Litearthacht Spioradálta:**

- Na dúshláin a eascraíonn as a reiligiún/spioradáltacht féin a fhiosrú
- Taighde agus measúnú a dhéanamh ar spioradáltacht dhaoine suntasacha chun acmhainní a bhailiú dá s(h)aol spioradálta féin.

**Ag Forbairt Litearthacht Idir-Reiligiúnach:**

- Taighde a dhéanamh ar phobal Críostaí amháin agus ar phobal creidimh amháin eile (Giúdach/Moslamach)
- Bealaí chun meas a léiriú ar dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn agus a chleachtann creidimh eile, a fhiosrú agus foghlaim fúthu
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éacúiméineacha agus idirchreidimh.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Rúndiamhair Dé**

- Is é rúndiamhair na Tríonóide rúndiamhair lárnach an chreidimh Críostaí agus an saol Críostaí (ChEC 234).
- Ciallaíonn rúndiamhair na Tríonóide gur é Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh agus gur iad seo na trí phearsa in aon nádúr diaga amháin (ChEC 253; 261-26).
- Is é an tAthair an chéad phearsa den Tríonóid-cruthaitheoir Neimhe agus talún (ChEC 198-242).
- Is é Íosa an dara pearsa den Tríonóid Naofa, ar chomh chéim leis an Athair agus leis an Spiorad (ChEC 422, 461).
- Cé go raibh sé saor ó pheaca (agus ní fhéadfadh sé peaca a dhéanamh go deo), thóg Íosa an fhreagracht as ár bpeacaí agus fuair sé bás chun sinn a shábháil. Toisc gur Dia é, bhí Íosa in ann a shaol a thabhairt ar ár son go pearsanta agus go haonarach, agus shábháil a íobairt an domhan uile (ChEC 604-608).
- Is é an Spiorad Naomh an tríú pearsa den Tríonóid Naofa, ar chomh chéim leis an Athair agus leis an Mac (ChEC 243-8).
- Oibríonn an Spiorad Naomh i ngach duine againn agus san Eaglais trí na Scrioptúir, na sacraimintí agus na cairiosmaí, údarás teagaisc na hEaglaise, oibreacha carthanachta Críostúla, oibreacha spioradálta agus corpartha trócaire, urnaí srl (ChEC 687-747).
- Nuair a dhéanaimid An Chré a aithris, léirímid ár gcreideamh agus tugaimid onóir do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh.
- Siombail den Tríonóid.
- Is é Dia an grá.
- Tá grá Dé buanseasmhach, neamhchoinníollach agus síoraí (Ís 54:8; Ir 31:3; ChEC 220).
- Bhí grá ag Dia dúinn agus bhí meas aige orainn sular rugadh sinn. 'Táimid luachmhar i súile Dé' (Ir 1:5).
- Tá Dia i láthair inár gcroí istigh 'mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid' (Gníomh 17:28; ChEC 300).
- Iarrann Dia orainn conradh a bheith againn leis, agus iarrann sé orainn freagra pearsanta a thabhairt de go toilteanach (ChEC 396).
- Tá an teanga atá againn faoi Dhia teoranta toisc gur rúndiamhair é Dia (ChEC 40-3 and 48, 230).
- D'ullmhaigh Dia an tAthair na hIosraeilítigh do theacht Íosa.
- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chuir sé a Mhac Íosa ar an saol le go mbeadh sé daonna i ngach gné ach an peaca (an tIonchollú).
- Is bronntanas ó Dhia é an creideamh agus is tríd a chuirimid ár muinín in aire Dé (GDC, 55; ChEC 150,153, 179, 227).
- 'Ní fhéadann aon duine creidiúint ina aonar' (ChEC 166).
- Tacaíonn an Eaglais leis an gcreideamh agus cothaíonn sí é (ChEC 181: Is 'gníomh eaglasta' é an creideamh).
- Is féidir leis an taithí a fhaighimid ar an olc, ar an bhfulaingt, ar an éagóir agus ar an mbás dúshlán a thabhairt don chreideamh reiligiúnach. (ChEC 164).
- Is féidir le creidmhigh fíor nádúr Dé a cheilt ar dhaoine eile (GS 19**).**

Leibhéal a 4

## Rúndiamhair Íosa Críost

- Tá Íosa go hiomlán daonna agus go hiomlán diaga (ChEC 464-9, 483; Col 1:15).
- Is ionann Íosa agus '*Tá Dia linn*' (Ímeánúéil) (Eoin 3:16-17; DV 4; ChEC 484, 744).
- Taispeánann Íosa dúinn céard leis is cosúil é Dia an tAthair (DV 4, 17; ChEC 151, 473, 458, 516, 571; Eoin 14:9-10; Mc 1:11; Eoin 6:38).
- Ghlaoigh Íosa 'Abba' ar Dhia- ainm atá cosúil le 'Deaid' (ChEC 2766; Gal 4:6).
- Is ó Íosa a fhaighimid sonas síoraí agus taispeánann sé dúinn an bealach go dtí a Athair trína chuid oibreacha ghrá agus slánaithe ach go háirithe trí na sacraimintí (ChEC 1; 422-29; 456-60; 1023-30; 1033; 1036; 1066-67; 1084-89; 1718-29, 1811).
- Ciallaíonn an t-ainm Íosa 'sábháileann Dia' in Eabhrais (ChEC 430, 452).
- Oibríonn Íosa tríd an Spiorad Naomh ina Eaglais chun a phobal a shábháil. (ChEC 724-47; 763-68; 858- 60; 869; 1076; 1087; 1111-12).
- Íosa cosúil linne ar chuile bhealach ach nach ndearna sé aon pheaca (GS 22).
- D'fhás Íosa in aois agus in eolas díreach mar a dhéanann daoine eile (Lúc 2:52; ChEC 472).
- Glaodh 'Rabbi' ar Íosa, focal a chiallaíonn múinteoir (Mc 9:5; Eoin 6:25).
- Chaith Íosa le daoine eile, go háirithe na bochtáin agus na díbeartaigh, go cóir agus le trua.
- Bhí ardmheas ag Íosa ar mhná (FC 22).
- Comhlíonann Íosa na geallúintí a tugadh sa Sean-Tiomna (DV 7, 15-16; ChEC 1093-94).
- Ciallaíonn Críost 'An Té a hUngadh' (Meisia) (ChEC 436, 438, 453).
- Nuair a thuirling an Spiorad Naomh ar Íosa, agus Eoin á bhaisteadh, ba comhartha a bhí ann gurbh é an Meisia, Mac Dé é (Mc 1:9-11; DV 2; ChEC 528, 535, 711ff, 1286).
- Rinneadh Íosa a choisreacan ag an Spiorad Naomh le faoiseamh a thabhairt dóibh siúd atá lag agus ag fulaingt (Ís 42:1-4).
- Threoraigh an Spiorad Naomh Íosa isteach san fhásach, áit ar cuireadh cathú air agus nuair a d'fhill sé bhí sé lán le cumhacht an Spioraid Naoimh (Lúc 4:1-15).
- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche (Mc 1:14-15; DV 17; LG 3; ChEC 541).
- Chuir Íosa uaidh an Dáréag chun Ríocht Dé a fhógairt agus chun daoine a leigheas. (ChEC 551).
- Gheall Íosa go n-iarrfadh sé ar a Athair neamhaí an Spiorad Naomh a thabhairt dá lucht leanúna mar abhcóide (ChEC 729; Eoin 15:26; Lúc 24:49; Eoin 16:12-15).
- D'fhulaing Íosa an phianpháis i nGairdín Geitséamainí áit ar ghlac sé go toilteanach le toil Dé (Mth 26:36-46).
- Chuaigh Íosa go hIfreann (ChEC 631-637).
- Aiséirí Íosa: Go fisiciúil agus bunathraithe (ChEC 631-58).
- Nuair a bhí Íosa glóirithe tar éis a Aiséirí chuir sé a Spiorad chucu siúd a chreid ann (ChEC 690).
- Chuir Íosa aiséirithe An Spiorad Naomh chugainn nuair a baisteadh sinn.
- Bhronn Íosa an Spiorad go fial ar a dheisceabail, mar a bhí geallta ag an Athair (LG 5).
- Tiocfaidh Íosa Críost ina ghlóir chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh agus chun flaithis nua agus chun domhan nua a chruthú (Mth 25:31-46; Taisp 21:1; ChEC 729, 1040).

## Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Is bronntanas de ghrá Dé é an Spiorad Naomh a chónaíonn sa chreidmheach (ChEC 733).
- Tá an Spiorad Naomh ag obair sa domhan iomlán (GS 22, 38).
- Tá an Spiorad Naomh gníomhach agus i láthair gach áit sa domhan a bhfuil daoine ag obair ar son an chirt, na síochána, cearta daonna agus ag tabhairt aire don chruthú.
- Tá cabhair an Spioraid Naoimh ag teastaíl le go gcreidfimid (ChEC 179).
- Roghnaíodh Muire mar mháthair Dé trí chumhacht an Spioraid Naoimh (Lúc 1:35; LG 52; ChEC 484).
- San Eabhrais, *ruach* an focal atá ar 'Spiorad', ainmfhocal baninscneach a bhfuil cúpla míniú air, 'anáil' agus 'gaoth' ina measc.
- Teidil atá ag an Spiorad Naomh: Spiorad Dé, Spiorad Chríost, Spiorad na Fírinne, Fortaitheoir, Abhcóide, Múinteoir, Treoraí, Bronntanas ó Dhia na Glóire (ChEC 692).
- Seo iad bronntanais an Spioraid Naoimh: eagna, tuiscint, breithiúnas cóir, misneach, eolas, cráifeacht agus iontas agus eagla i láthair Dé (Ís 11:2-3; ChEC 1831, 1845).
- Cabhraíonn bronntanais agus cairiosma an Spioraid Naoimh le daoine toil Dé a dhéanamh (LG 7; DV 5; ChEC 768, 1266).
- Seo iad torthaí an Spioraid Naoimh: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, dea-chroí, dílseacht, séimhe agus féinsmacht (ChEC 736, 1832; Gal 5:2-23).

## Cruthú an Domhain

- Análann Spiorad Naomh Dé beatha sa domhan (Salm 33:6; 104:30; Gein 1:2; 2:7; ChEC 291, 703).
- Is comhartha de ghrá, de ghlóire, de mhaitheas, de niamhracht agus de chumhacht Dé é an Cruthú (ChEC 32, 293; Iób 12:7- 9; Salm 19).
- Tá caidreamh sainiúil, buan ag gach fear agus bean le Dia an Cruthaitheoir toisc gur cruthaíodh iad in íomhá agus i gcosúlacht Dé (Gein 1:27; ChEC 343, 355).
- Chuir Dia ar an domhan sinn le haithne a chur air, chun é a ghráú agus chun seirbhís a thabhairt dó agus go mbeimis in éineacht leis sna flaithis (GS 19; ChEC 1, 27, 44 agus 45, 55, 358, 1721: Duine atá reiligiúnach go nádúrtha agus mar ghairm bheatha)**.**
- Chruthaigh Dia an t-anam spioradálta, neamhbhásmhar ar an bpointe (ChEC 382**).**
- Chruthaigh Dia an duine le maireachtáil i gcaidreamh/i gcomaoin le Dia, le daoine eile agus leis an domhan (GS 12; GDC 139).
- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha go maith agus saor ó pheaca. Bhí siad sona de bhrí go raibh siad cairdiúil le Dia i bpárthas. Chuir Sátan cathú ar Ádhamh agus Éabha saol santach a roghnú agus peaca a dhéanamh (Gein 2-3; ChEC 355–84, 397, 415).
- Ní raibh siad umhal do Dhia agus chaill siad an naofacht a bhí acu ón tús. (ChEC 399). Tugtar 'Titim an Chine Dhaonna' air seo agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca. (ChEC 355-86, 389, 417). Aistrítear Peaca an tSinsir ó Ádhamh agus Éabha go dtí gach duine beo (ChEC 403).
- Beirtear gach duine le Peaca an tSinsir, le claonadh i dtreo an pheaca agus slánú de dhíth orthu (ChEC 403, 419; GS 13).
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé slánaitheoir chugainn chun an cine daonna a shábháil ó pheaca (ChEC 55-8, 385-90, 399, 409-10, 412, 416-19).
- Glanann an Baisteadh Peaca an tSinsir trí bhás Chríost. Iompaíonn an Baisteadh ar ais chun Dé sinn ach tá an claonadh i dtreo an pheaca ionainn i gcónaí agus teastaíonn cúnamh ghrásta Dé uainn (ChEC 405-410).

- D'éirigh cuid de na haingil amach in aghaidh Dé, agus díbríodh go hIfreann as na flaithis iad; Tugtar Titim na nAingeal air seo agus is é Sátan (an diabhal) a gceannaire. Cuireann na haingil díbrithe cathú ar dhaoine Dia a thréigeadh agus peaca a dhéanamh, ach tá cumhacht teoranta acu. (ChEC 391-95, 414).
- Threoraigh Naomh Mícheál an tArdaingeal, arm aingeal chun Sátan agus na haingil reibiliúnacha a dhíbirt go hIfreann. Is é Naomh Mícheál an tArdaingeal príomh namhaid Shátan agus na haingil díbrithe agus is é Coimeádaí na hEaglaise é.

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Bhunaigh Íosa Críost an Eaglais chun Réimeas Dé a fhógairt agus chun leanúint ar aghaidh ag scaipeadh an Dea-Scéil-Grá sábhálach Dé dá dhaoine. (GS 45; LG 5, 9, 10, 17; cf. GS 32; ChEC 763; feidhm na hEaglaise).
- Is í an Eaglais an bealach nua atá ag Críost Aiséirithe le bheith lena lucht leanúna go dtí deireadh an tsaoil, mar a gheall sé (ChEC 1076: An Eaglais mar Rúndiamhair agus mar Shacraimint).
- Is í an Eaglais Corp Chríost. Is é Críost ceannaire an Choirp seo agus roinneann na baill ar fad a Spiorad (LG 7; ChEC 787-95: An Eaglais mar Rúndiamhair agus mar Shacraimint).
- Iarrtar ar an Eaglais grá, trua agus maithiúnas Íosa a léiriú do chách (GS 21; ChEC 780, 831: An Eaglais mar shacraimint an tslánaithe; RM 20: An Eaglais ag tabhairt seirbhíse don Ríocht; GS 3).
- Comaoin na Naomh: creidimid go bhfuil clann Dé ar fad, ar neamh, ar talamh agus i bpurgadóir ceangailte i gcomaoin le chéile (LG 49-50; ChEC 946-59).
- Treoraíonn agus cosnaíonn an Spiorad Naomh an Pápa agus na heaspaig agus iad ag teagasc fírici Chríost.
- Tugann an Spiorad Naomh an chumhacht don Eaglais leanúint ar aghaidh le misean Íosa (ChEC 747, 852).
- Tá An Spiorad Naomh (Spiorad Íosa) i láthair chun an Eaglais a spreagadh agus a threorú go críoch na n-aoiseanna.
- Tugann an Spiorad Naomh bronntanais charasmatacha don Eaglais (LG 4, 7; ChEC 768).
- Tá bronntanas éigin ón Spiorad ag gach ball den Eaglais chun leanúint ar aghaidh le hobair Chríost agus chun go mbeidh Ríocht Dé láithreach, beo ó lá go lá (LG 12, 32: gairm bheatha).
- Is ionann gairm bheatha agus glaoch. Is cuireadh ó Dhia é, ina n-iarrann sé ar gach duine é a ghráú agus freastal a dhéanamh air féin agus ar a Eaglais ar bhealach faoi leith.
- Faigheann gach duine gairm bheatha trí ghrásta an Bhaiste.
- Tugann Íosa gairm bheatha faoi leith do gach duine (ChEC 3, 542-3).
- Is iad seo na ceithre ghairm bheatha faoi leith atá ag an saol Críostaí: saol singil, saol pósta, saol reiligiúnach agus an mhinistreacht oirnithe. Is glaoch atá i ngach gairm bheatha, Críost a leanúint go dlúth.
- Leanann daoine singil Críost ina saol laethúil trí sheirbhís a thabhairt do dhaoine eile trí obair agus urnaí.
- Leanann daoine pósta Críost nuair a thugann siad iad féin dá chéile go hiomlán le grá agus seirbhís. Sa phósadh geallann fear agus bean grá a thabhairt dá chéile agus a bheith dílis dá chéile ar feadh an chuid eile dá saol. 'Uime sin, fágann an fear a athair agus a mháthair agus cloíonn sé lena bhean, agus déanann aon fheoil amháin díobh'(cf. Gein 2:24) agus ar an mbealach seo beidh siad in ann beatha nua a thabhairt ar an saol, comhartha de mhaitheas, eagna agus plean grámhar an Chruthaitheora (LF 52).

- Na daoine a roghnaíonn an saol coisricthe, déanann siad admháil poiblí na gcomhairlí soiscéalacha-bochtaineacht, geanmnaíocht agus umhlaíocht le go mbeidh ar a gcumas a ngrá do Dhia agus don chomharsa a bheith foirfe (LG 43, 45; ChEC 873, 915, 944). Déanann siad freastal ar mhisean na hEaglaise trí urnaí, aithrí, obair aspalda agus maireachtáil sa phobal (LG 44; CD 33; ChEC 925).
- Na daoine a roghnaíonn an mhinistreacht oirnithe, trí shacraimint na hoirnithe, déanann siad ionadaíocht ar Chríost, an tAoire Maith ar son chlann Dé agus ar son Chríost mar Cheann na hEaglaise. Ní hamháin go n-ofráileann siad a saol féin don Athair, mar a dhéanann gach Críostaí, ach déanann siad freastal ar na fíréin 'go pearsanta' mar a rinne Críost (ChEC 1548).
- Is é an Pápa agus easpaig eile na hEaglaise comharbaí na nAspal. Tugann Críost an chumhacht dóibh gníomhú go pearsanta ar a shon. (DV 7-8, CD 2; LG 18; ChEC 861-62, 935).
- Thug Íosa ceannasaíocht na hEaglaise do chomharbaí an dá aspal déag: An Pápa agus na heaspaig (LG 8; ChEC 77, 551-53, 765).
- Leanann na heaspaig orthu le ministreacht na n-aspal trína n-aire do na heaglaisí áitiúla (ChEC 857, 1594).
- Maidir le ceannairí na hEaglaise, dúirt Íosa 'an duine ar mian leis bheith ina uasal eadraibh, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh, agus an duine ar mian leis bheith ina cheann oraibh, beidh sé ina sclábhaí daoibh' (PO 9; LG 27; ChEC 876, 893; Mth 20:26-34; Mc 10:45; Lúc 22:24-7).
- Mar chomharba ar Naomh Peadar, is é an Pápa príomh aoire na hEaglaise (ChEC 880-882). Ar nós na haspail, múineann an Pápa agus na heaspaig an fhírinne faoi Chríost dúinn (ChEC 883, 888, 892).
- Staidéar ar dheoise áitiúil (CD 11). Seirbhísí Forbartha Creidimh sa Deoise. Comhairleoirí Deoise.
- An Eaglais Chaitliceach in Éirinn sa lá atá inniu ann (m.sh. Institiúidí agus grúpaí Caitliceacha in Éirinn-scoileanna, ospidéil, Trócaire, *Cumann na Leanaí Misinéireachta* srl.
- Cleachtais phobal na hEaglaise a bhaineann go follasach le creidiúintí agus teagaisc (m.sh. leigheas- sacraimintí leighis, ospidéil, cúram na sean agus cúram maolaitheach, scoileanna srl).
- Déanann an Eaglais naoimh de dhaoine faoi leith de bhrí go raibh siad an-naofa agus go bhfuil sí cinnte go bhfuil siad sna flaithis agus de bhrí gur eiseamláirí a gcuid naofachta dúinn ar fad (ChEC 2683).
- Tá na rudaí a chuaigh i bhfeidhm ar na naoimh níos tábhachtaí ná a gcuid gníomhartha féin (ChEC 2030).
- Naoimh: Déan imscrúdú ar Naomh Bríd, Naomh Pádraig, Naomh Uinseann de Pól agus do rogha féin ón liosta seo nó liosta cosúil leis: Naomh Caitríona as Siena, Naomh Treasa as Avila, Naomh Jeanne d'Arc, Naomh Beinidict (éarlamh na hEorpa), Naomh Peadar, Naomh Pól, Naomh Maximilian Kolbe, Naomh Padre Pio, Naomh Treasa Benedicta na Croise (Edith Stein). Daoine eile a léirigh luachanna Críostaí ina gcuid oibre m.sh. Rosa Parks, Jean Vanier, Dorothy Day, Nano Nagle, daoine naofa/naoimh áitiúla.
- Finnéithe i gcomhaimsir le Críost.
- Tosaigh ar eolas a fháil ar Thraidisiúin Chríostaí eile a bhfuil lucht leanúna mór acu m.sh. Eaglais na hÉireann, na Meitidisteach agus na bPreispitéireach, Críostaithe Ceartchreidmheacha, Críostaithe Soiscéalacha, Cumann na gCarad, Eaglaisí le Gnásaíocht Oirthearach.
- Tá gach Críostaí páirteach i dtógáil Ríocht Íosa.

- Iarrtar ar gach Críostaí comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus comhoibriú leo (DP 82).
- Iarrtar ar gach Críostaí a bheith mar fhinnéithe dá gcreidimh i gCríost le briathar agus le gníomh (DP 59, 82; EN5).
- Bíonn an Eaglais ag obair i dtreo aontacht na gCríostaithe (ChEC 855; Eoin 17:21).
- Is é an Baisteadh an nasc comónta a aontaíonn na Críostaithe uile (UR 22).
- Tá sé de dhualgas ar na Críostaithe ar fad oibriú agus guí ar son aontacht na gCríostaithe (ChEC 820).
- Is freagra í an ghluaiseacht éacúiméineach ar an nglaoch a thug Íosa Aiséirithe do na Críostaithe uile oibriú le chéile le bheith aontaithe mar Chorp Críost (UR 3).
- Guíonn Críostaithe as gach traidisiún An Phaidir (ChEC 2761).
- Bíonn Críostaithe ag comhoibriú lena chéile ar son cearta sóisialta (UR 12).

### Muire

- Thug Dia grásta speisialta do Mhuire dá misean (Lúc 1:28; LG 56; ChEC 490, 722).
- Ghlac Muire lena ról i bplean Dé don slánú nuair a ghlac sí go toilteanach lena cúram le a bheith mar mháthair Dé.
- Ba bhean lán le creideamh, umhlaíocht agus eagna í Muire (ChEC 148-49, 273, 494, 511, 721, 967, 2617-19).
- Tháinig méadú ar chreideamh Mhuire (LG 58).
- Thug Muire a saol dá Mac agus a chuid oibre (LG 56).
- Coinníodh Muire saor go hiomlán ó lorg pheaca an tsinsir agus d'fhan sí saor ó gach peaca pearsanta ar feadh a saoil (ChEC 508: An Ghiniúint gan Smál).
- Nuair a bhí saol Mhuire ar an domhan thart, tógadh a corp agus a hanam suas go glóir na bhflaitheas (Deastógáil na Maighdine Muire: LG 59; ChEC 974).
- Is inspioráid í Muire, an chéad dheisceabal, den dheisceablacht sa Traidisiún Caitliceach.

### An Bheatha Shíoraí

- Tá Ríocht Dé i láthair ar domhan go rúndiamhrach; Nuair a thiocfaidh an Tiarna ag críoch na n-aoiseanna déanfar foirfe é (GS, 39; GDC 102; ChEC 1042-60, 2816).
- Gach rud atá go maith ar domhan faoi láthair, mairfidh sé i Ríocht na bhFlaitheas. Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaithiúlachta agus seirbhíse chun an Ríocht a thógáil.
- Is ionann sonas na bhFlaitheas agus maireachtáil le Dia agus le gach duine naofa i gcaidreamh eolais agus grá go deo na ndeor (ChEC 1024, cf. 1026-27).
- Nuair a fhaighimid bás scarfar an t-anam ón gcorp, ach ag an Aiséirí, tógfaidh Dia suas ár gcoirp agus beidh siad mar aon lenár n-anamacha. (C 997, 1016, cf. 1005).
- Gheobhfaidh an corp bás ach aiseireoidh sé arís (athnuaite) ag críoch na n-aoiseanna. (Aiséirí na colainne cf. LG 48; ChEC 998-90, 1020).
- Creideann Críostaithe i mbreithiúnas faoi leith díreach tar éis a mbáis agus breithiúnas deireanach Chríost ag críoch na n-aoiseanna (GDC, 102; ChEC 678-79, 1021, 1038; 1051).
- Tiocfaidh Críost ag críoch na n-aoiseanna chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh (ChEC 682).
- Tabharfar breithiúnas ar dhaoine faoi sholas Ríocht Dé- Ríocht ina bhfuil grá, ceartas agus síocháin inti (cf. LG 48; GDC 102, ChEC 1022).
- Tugann an Tiarna Íosa rabhadh dá lucht leanúna go scarfaidh siad iad féin uaidh muna dtugann siad aire do na bochtáin agus don té is lú-a dheartháireacha agus a dheirfiúracha (Mth 25:31-46; ChEC 1033; 2443).

- Is deighilt buan é Ifreann ó Dhia agus ó na Beannaithigh (ChEC 1033, 1057).
- Ní féidir le daoine dul go hIfreann muna roghnaíonn siad, in aon turas, iad féin a scaradh ó Dhia trí pheaca marfach a dhéanamh agus gan aithrí a dhéanamh don pheaca sin (ChEC 1037).
- Tá saoirse againn ár saol a threorú i dtreo na maithe, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, an fhírinne a chuartú.
- Tá saoirse againn freisin iompú ón mhaith agus cluas bhodhar a thabhairt do ghlaoch Dé agus do dhaoine eile.
- Trí ghrásta agus trí thrócaire Dé, tugtar dóchas do Chríostaithe go bhfaighidh gach duine a thugann grá do Dhia agus do dhaoine eile, an bheatha shíoraí le Dia sna flaithis (GS 18).
- Guíonn an Eaglais ar son slánú do chách (ChEC 1058).
- Purgadóir: 'Gach duine a fhaigheann bás i ngrásta agus i gcairdeas Dé…Cé go bhfuil siad cinnte go mbeidh slánú síoraí acu, bíonn orthu íonghlanadh a fháil tar éis a mbáis le go mbainfidh siad amach an caighdeán naofachta a theastaíonn chun lúcháir agus aoibhneas Dé a roinnt' (ChEC 1030-31; ChEC 1054).
- Guíonn Caitlicigh ar son na n-anamacha atá i bpurgadóir ar Lá Fhéile na bhfíréan uile atá Marbh agus i rith na bliana.
- Cuireann an Eaglais na mairbh faoi choimirce thrócaire Dé agus ofráileann sí paidreacha, an Eocairist ach go háirithe, ar a son. Molann an Eaglais freisin, go dtabharfaí déirc, go mbainfí amach loghanna agus go ndéanfaí aithrí thar ceann na marbh (Comhairle Trent, Seisiún 25, Forógra ar Phurgadóir: DS 1820; ChEC 1032; ChEC 1055).

### Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Tá an cine daonna ar fad mar aon chlann amháin de bhrí gur chruthaigh Dia an duine ina íomhá agus ina chosúlacht féin (NA1, DP 28).
- Baineann oirchill agus plean slánaithe Dé leis an gcine daonna ar fad (NA 1, 16; DP 28-9).
- Is é Íosa Críost slánaitheoir an chine dhaonna ar fad (Rómh 8:32; NA 2).
- Ba chóir go léireofaí meas agus grá dóibh siúd nach bhfuil na cleachtais chéanna reiligiúnacha acu is atá againne (GS 28).
- Oibríonn Caitlicigh ar son cearta daonna, ceartas sóisialta, na moráltachta, na síochána agus na saoirse le daoine a chleachtaíonn creidimh eile (NA 3; DP 44).
- Níl aon áit san Eaglais do dhaoine a dhéanann leatrom ar dhaoine de bharr a gcine, a ndath nó a reiligiún (NA 5).
- Nuair a dhéanaimid comhrá le daoine nach Críostaithe iad bíonn deis againn a bheith fírinneach dár gcreideamh féin agus tuiscint a fháil ar chreidimh dhaoine eile.

**Giúdachas**

- Creideann na Giúdaigh in aon Dia amhán: Dia a threoraigh Ábrahám chun náisiún nua a bhunú: an Shema. Torah. Tábhacht Mhaoise; Bar/Bat Mitzvah. Cáisc na nGiúdach, Na Taibearnacail agus an Chincís.
- Sa chonradh le hÁbrahám agus le Maois nochtaítear na hIosraelitigh mar phobal tofa Dé (ChEC 60, 201).
- Tá dlúth-bhaint idir Críostaithe agus Giúdaigh sa chreideamh atá acu agus na bealaí a dhéanann siad Dia a adhradh. (ChEC 63, 839-40).
- Ceiliúradh an Pesach; bia *kosher;* teacht le chéile clainne; fálte roimh an stráinséir; bia speisialta; Rosh Hashanah. Yom Kippur (maithiúnas, leorghníomh).
- An Chríostaíocht ag cur an Ghiúdachais i gcrích.

**Ioslam**

- An bhrí atá le hIoslam: urnaí Moslamach; nócha naoi ainm álainn ar Dhia– tréithe agus cáilíochtaí; Na luachanna a bhfuil meas ag Moslamaigh orthu (dea-bhéasa, cineáltas, ionracas agus meas ar dhaoine eile).
- An Fáidh Muhammad; scéalta faoi Mhuhammad; an méid a mhúin sé faoi Dhia; an Imam. Pobail Mhoslamacha in Éirinn. Troscadh agus féilte: Ramadan and Eid-al-Fitr.
- Tugann na Moslamaigh adhradh do aon Dia amháin. Tugann siad urraim do Íosa an fáidh, cé nach n-aithníonn siad é mar Dhia agus tugann siad onóir don Mhaighdean Mhuire mar a mháthair agus uaireanta, fiú, glaonn siad uirthi go diaganta. Tugann siad adhradh do Dhia, go háirithe trí urnaí, troscadh agus déirc a thabhairt (NA 3).
- Oilithreacht go Mecca. Zakah (aire don phobal) gníomhartha creideamh-bhunaithe i bpobail na Moslamach Éireannacha. Réim bia (Halal and Haram). Cúig philéar Ioslam. Tá na Moslamaigh ag fanacht le lá na cinniúna agus mar sin tá meas acu ar an saol morálta (NA 3). Id-al-Adha. Tá na bealaí a mbreathnaímid amach do dhaoine eile an-tábhachtach sa chreideamh Moslamach.

# Snáithe: Briathar Dé

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- tuiscint a fháil ar an gcaoi a múintear an Scrioptúr Naofa agus ar an gcaoi a mhaireann Traidisiún Beo na hEaglaise ó ghlúin go glúin
- na trí 'mhór' – ócáid i stair an tslánaithe a fheiceáil in eachtraí ón mBíobla: cruthú an domhain, slánú, sásamh (An Sean-Tiomna, saol Íosa Críost agus stair na hEaglaise) (DV 15-16; GS 45; LG2; ChEC 54-64, 112-14, 128-30, 140, 1094)
- na coincheapa de chruthú an domhain, glaoch agus freagairt, an Meisia, gealltanas agus tairngreacht sa Scrioptúr Naofa a fhiosrú (CSRE 1d)
- tuiscint a bheith acu go gcomhlíonann Íosa Conradh an tSean-Tiomna lena shaol agus go ndéanann an Conradh Nua fiosrú ar an gcaidreamh atá idir na teoiricí eolaíochta agus ár dtuiscint ar an domhan nádúrtha agus an cur síos atá ar chruthú an domhain i Leabhar Gheineasas.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint:**

- Scrúdú a dhéanamh ar oibreacha slánaithe Dé mar atá léirithe i dtéacsanna ón Scrioptúr Naofa atá foghlamtha acu
- Scrúdú a dhéanamh ar théamaí ón mBíobla, íomhánna agus prionsabail a thugann pictiúr níos soiléire dúinn ar Dhia, an saol, an domhan cruthaithe agus a f(h)éiniúlacht féin.

**Cumarsáid:**

- A bheith in ann sleachta ón Scrioptúr Naofa a aithris agus a aithint de réir leabhair, caibidil agus véarsa.

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Bíobla

- Tá grá agus urraim ag Críostaithe don Bhíobla toisc gurb é Briathar Dé é.
- Is é an Bíobla Briathar inspioráide Dé (DV 9, 24; ChEC 104). Ciallaíonn sé seo: (a) labhraíonn Dia go fírinneach linn tríd an Scrioptúr; (b) déanann teachtaireacht an Scrioptúir Naofa ciall do dhaoine as gach glúin; c) ní dhéanann an Bíobla aon bhotún nuair atá aon ghné den slánú i gceist. (DV 11; ChEC 107).
- Thug an Spiorad Naomh inspioráid do na scríobhneoirí daonna a scríobh leabhair an Bhíobla (DV 11; ChEC 76, 105-6, 134).
- Nuair a éistimid le Briathar Dé labhraíonn an Spiorad Naomh linn agus cabhraíonn sé linn Íosa a leanúint go dlúth inár saol laethúil.
- Déanann Dia cumarsáid linn trí na Scrioptúir Naofa, in oibreacha an chruthaithe, i bpearsa Íosa agus i síor-láithreacht an Spioraid. (DV 3, 4, 6, 12; ChEC 51-3, 60, 79, 104, 257; foilsiú ó Dhia).
- Labhraíonn Dia linn ar bhealach sainiúil i mBriathar Dé tríd an Scrioptúr Naofa agus trí Thraidisiún Sacráilte na hEaglaise Caitlicí (ChEC 80-3, 97; DV 10).
- Is í an Eaglais mar phobal le Traidisiún beo a sholáthraíonn an comhthéacs don léirmhíniú foirceadlach agus morálach ar an Scrioptúr Naofa (DV 10).
- Lean na heaspaig ar aghaidh go dílis le hobair na n-aspal agus iad ag scaipeadh an Traidisiúin Chríostaí.
- Is ag an Eaglais amháin atá an tasc an bhrí cheart atá le Briathar Dé a thabhairt dúinn.
- Le cúnamh an Spioraid Naoimh, tá sé de dhualgas ar Mháistreachas na hEaglaise an bhrí cheart atá le Briathar Dé a thabhairt dúinn. (DV 10; GDC alt 96).
- Déanann an Scrioptúr Naofa cur síos ar stair an tslánaithe, mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh. Tá na trí 'mhór ócáid' i stair an tslánaithe san am atá caite (eachtraí ón Sean-Tiomna) san aimsir láithreach (an slánú a thosaigh le teacht Chríost agus a leanann ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann) agus amach romhainn (an '*parousia*', nuair a thiocfaidh Críost arís agus beidh 'Dia bun agus barr chuile scéil' (DV2, 14, 15; LG 9, 113, 48, AG3).
- Comhlíonann Íosa gach geallúint a thug Dia dá Phobal Tofa. Mar sin tuigeann Críostaithe Scrioptúir na nEabhrach agus na Soiscéil i dteannta a chéile. (ChEC 128).
- Insíonn Scrioptúir na nEabhrach dúinn faoin am a bhíothas ag fanacht le teacht an tSlánaitheora, a tháinig chun críche i dteacht Íosa.
- Bhí na Giúdaigh ag tnúth leis an Meisia a gheall Dia dóibh (ChEC 207, 211, 214, 712; Ís 61:1-2).
- Chomhlíon Íosa an gheallúint seo ina mhinistreacht (Lúc 4:16-22).
- Is caidreamh speisialta idir Dia, a phobal tofa agus gach créatúr é an conradh, bunaithe ar rogha ghrástúil Dé (ChEC 62).
- Ag an gcéad bhéile de Cháisc na nGiúdach, gheall Dia go sábhálfadh sé a dhaoine ó sclábhaíocht san Éigipt (Eacs 12:1-14) agus go mbeathódh sé iad san fhásach agus iad ar an mbealach go dtí an Tír Tairngire (Eacs 16:4-18). Tugtar an Sean-Chonradh ar seo. Déanadh an Conradh a cheiliúradh agus a athnuachan gach bliain ag Cáisc na nGiúdach nuair a dhéantaí uan a íobairt.
- Nuair a rinne na daoine faillí ar an gconradh, d'fhan Dia dílis trína fháithe a chur chucu chun iad a thabhairt ar ais arís chuig an gconradh (ChEC 64).
- Rinne na fáithe seanmóireacht faoi cheartas, faoi mhoráltacht agus faoi dhílseacht do Dhia (m.sh. Íseáia, Irimia, Amós, Hóisé agus Eizicéil, Eoin Baiste).

- Is faoi ghrá buanseasmhach agus trócaire Dé atá teachtaireacht na bhfáithe, in ainneoin mídhílseacht Iosrael (ChEC 218).
- Choinnigh mná naofa ar nós Sára, Miriam, Anna agus Iúidit an dóchas do shlánú Iosrael beo (ChEC 64).
- Chuir bás agus Aiséirí Íosa tús le Conradh Nua, an t-am seo idir Dia agus iad siúd a bhí maraon le Críost (LG 9; ChEC 73, 613). Sa Chonradh Nua geallann Íosa síocháin, athmhuintearas le Dia agus an bheatha shíoraí.
- Chuir Íosa tús leis an gConradh Nua nuair a rinne sé Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh lena dheisceabail ag An Suipéar Déanach (Mth 26:17-30) agus thug sé a chorp agus a chuid fola féin in ionad uain, nuair a fuair sé bás ar ár son ar an gCrois (seo é an fáth go dtugtar 'Uan Dé' ar Íosa). Bímid mar chuid den Chonradh Nua nuair a bhímid ag ceiliúradh an Aifrinn, díreach mar a tharla ag an Suipéar Déanach nuair a dúirt Íosa: 'Seo í mo chuid fola, fuil an nua thiomna shíoraí. Doirtfear í ar bhur son agus ar son an chine dhaonna chun maithiúnas na bpeacaí. Déanaígí é seo i gcuimhne ormsa'.
- Tá coimriú déanta ar an Dlí nua in aithne an ghrá (ChEC 782).

### An Scrioptúr Naofa

*Plean Grámhar Dé don Slánú*

- Gein 1-3. An chéad scéal de chruthú an domhain.
- Gein 2:5-25. An dara scéal de chruthú an domhain.
- Gein 3:1-24. Scéal an chéad pheaca.
- Gein 9:8-16. An Conradh a déanadh le chuile chréatúr.
- Eacs 14:5–15:3. Ag trasnú na Mara Rua.
- Rút 1-4. Scéal Rút.
- 1 Sam 1:9-19; 24–2:9. Scéal Anna agus caintic Anna.
- Iób 12:7-9; Salm 19. Is comhartha de ghlóir agus de chumhacht Dé é an cruthú.
- Salm 78. Salm na staire naofa.
- Salm 95:1-5. Ag moladh Dé.
- Salm 100:1-5. Ag glacadh buíochais.
- Salm 102. Urnaí in am na hanachaine.
- Salm 104. Ag tabhairt moladh do Dhia an Cruthaitheoir.
- Salm 106:1-3. Paidir lúcháire.
- Salm 130. As an duibheagán.
- Salm 139. A Thiarna chuartaigh tú mé agus tá aithne agat orm.
- Seanfh 4:5-8. Eagna.
- Seanfh 21:13. Ag éisteacht le hachainní na mbochtán.
- Seanfh 17:17. 'Tugann cara grá i gcónaí.'
- Ís 7:14. Ímeánúéil.
- Ís 9:1-7. Na daoine a shiúil sa dorchadas.
- Ís 42:1-4. Bhí Íosa ungtha ag an Spiorad Naomh chun cabhair a thabhairt dóibh siúd a bhí in ísle brí agus ag fulaingt.
- Ís 43:1-4. 'Ghlaoigh mé ar d'ainm.'
- Ís 49:15. Aire Dé dúinn.
- Ir 1:4-9. Glaoch Irimia.
- Ir 7:1-15. Irimia ag seanmóireacht sa teampall.
- Ir 22:3, 13, 15-16. Tugann fíor-reiligiún ceartas.
- Ir 31:33-34. Tairngreacht an chonartha nua.

- Míocá 6:6-8. Cad a theastaíonn ón Tiarna.
- Iúd 15:12-17. Tarrtháileann Dia trí Iúidit.
- Cóih 6:15. Cairdeas dílis.

*Breith agus Óige Íosa (ChEC 422-24; 430-60; 522-34)*
- Mth 2:1-11. Féile na hEipeafáine: Ionannas Íosa nochtaithe.
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.
- Lúc 1:5-24; 57-80. Scéal Zachairias.
- Lúc 2:1-20. An Nollaig.

*Saol Poiblí Íosa (ChEC 422-24; 430-55; 535-40; 543-56)*
- Mth 5:1-14; 38-48. An tSeanmóir ar an Sliabh (Na Biáide).
- Mth 6:1-19. Eiticí an reachtaire nua.
- Mth 9:1-8. Leigheas an fhir a rugadh ina phairilíseach.
- Mth 12:9-14. Ag leigheas ar an Sabóid.
- Mth 18:21-35. Parabal an tsearbhónta do-mhaitigh.
- Mth 20:1-16. Parabal na n-oibrithe sa bhfíonghort.
- Mth 23:3. Ag déanamh beart de réir do bhriathair.
- Mth 25:1-13. Parabal na maighdean ciallmhara agus na maighdean amaideacha/saol tar éis báis
- Mth 25:14-30. Parabal na dtallann.
- Mth 25:31-46. Caoirigh agus gabhair.
- Mc 3:13, Mth 10:1-42. Cuireann Íosa amach a chuid aspail chun seanmóireacht a dhéanamh.
- Mc 6:34-44; Lúc 9:12-17. Ag beathú an cúig mhíle.
- Lúc 4:1-13. Cathú Íosa.
- Lúc 4:14-22. D'éiligh Íosa go mba é féin an Meisia.
- Lúc 4:16-22. Spiorad an Tiarna.
- Lúc 7:36-50; Mth 26:6-13; Mc 14:3-9. Ungann Máire Íosa.
- Lúc 7:19-23. Comharthaí an Meisia.
- Lúc 15:11-32. An Mac Drabhlásach.
- Lúc 16:19-31. Parabal an fhir shaibhir agus Lazaras.
- Lúc 22:42. Urnaí Íosa ar Chnoc na nOlóg.
- Lúc 24:49; Eoin 16:12-15. An gealltanas a thug Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chugainn.
- Eoin 1:6-8, 15. Eoin Baiste.
- Eoin 1:29-34; Mth 3: 1-17. Baisteadh Íosa.
- Eoin 8:1-11. Tugann Íosa maithiúnas don bhean ar rugadh uirthi in adhaltranas.
- Eoin 14:1-4. 'I dteach m'athar …'
- Eoin 14:15-17. An Spiorad mar abhcóide.
- Eoin 14:25-26. Múinfidh an tAbhcóide gach rud daoibh.

*Páis agus Bás Íosa (ChEC 575-637; 1402-19)*
- Mth 26:20-30. An Suipéar Déanach.
- Mth 26:36-46. Fulaingt agus glacadh go fonnmhar le toil Dé.
- Mth 26:47-56. Gabháil Íosa.
- Mth 26:57-68; Mth 27:11-26. An Triail os comhair an Sainidrín agus Pointias Píoláit.
- Mth 27:27-61. Céasadh, bás agus adhlacadh Íosa.
- Mth 28:16-20; Mc 16:14-18. Ag tabhairt údaráis do na deisceabail.

- Mc 14:53-65 and Mc 15:1-15. Triail Íosa.
- Mc 15:16-47. Céasadh, bás agus adhlacadh
- Lúc 19:29-38. Ag dul isteach go Iarúsailéim.
- Lúc 22:7-20. An Suipéar Déanach
- Lúc 22:47-53; Mc 14:10-11. Mc 14:32-50. Brath Iúdáis agus gabháil Íosa.
- Lúc 22:54-62; Mth 26:69-75. Séanann Peadar Íosa.
- Lúc 23:26-31 An Bóthar go Calvaire.
- Lúc 23:34-43 Más é an Meisia é, sábháladh sé é féin.
- Eoin 12:12-19 Ag dul isteach go Iarúsailéim.
- Eoin 13:1-20 Níochán na gcos.
- Eoin 19:25-7; Mth 27: 55-6. Na mná ag an gcrois agus 'a bhean seo é do mhac'.

*Aiséirí agus Deascabháil Íosa (ChEC 638-67)*

- Lúc 24:13-35. An Bóthar go hEamaús.
- Lúc 24:36-49. Taispeánann Íosa é féin don aon aspal déag.
- Lúc 24:50-3; Gníomh 1:1-11. An Deasgabháil agus teacht Chríost in athuair.
- Eoin 20:1-18. Máire Mhaigdiléana agus Peadar ag an tuama.
- Eoin 20:11-18. Buaileann Máire Mhaigdiléana le hÍosa.
- Eoin 21:15-17. Peadar, aoire an tréada.

*An Chincís (ChEC 731-41)*

- Gníomh 1:12-14. Fanacht urnaitheach leis an Spiorad Naomh.
- Gníomh 2:1-13. An Chincís.
- Gníomh 3:1-10. Leigheasann Peadar an cláiríneach sa teampall.
- Gníomh 4:1-22. Peadar agus Eoin.
- Gníomh 4:32-5. An Luath-Eaglais.
- Gníomh 8:14-17. Cóineartú sa luath-Eaglais.
- Gníomh 9:1-22. Iompú Sóil.
- 1 Cor 2:9. 'Ní fhaca súil…
- 1 Cor 12:4-11. Éagsúlacht buanna.
- 2 Cor 11:24-27. Fianaise Phóil dá chreidimh.
- 1 Teas 4:13. Tabharfaidh Dia leis iad siúd a fuair bás.
- Eabh 13:2. 'Cuimhnigh, cuir fáilte roimh an stráinséar i do theach…
- 1 Eoin 4:10. 'Seo é an grá – ní gur thugamarna grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinne.'

*Le cur de ghlan mheabhair*

- Salm 104. Ag tabhairt moladh don nádúr.
- Salm 139:1-18. 'Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé.'
- Mth 1:28-30. 'Tar chugam …'
- Eoin 8:12. 'Is mise solas an tsaoil.'
- Míocá 6:8. An ceart a dhéanamh.
- Mth 5:44. 'bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí;'
- Eoin 13:35. 'As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile.'
- Mth 5:3-11. Na Biáide.

# Snáithe: Liotúirge agus Urnaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- a dtuiscint ar urnaí pearsanta agus comhchoiteann a fhorbairt
- na ceangail idir liotúirge na hEaglaise agus saol agus ministreacht Íosa a fhiosrú
- fiosrú a dhéanamh ar an teagmháil a bhíonn againn le hÍosa sa liotúirge, sna sacraimintí agus trí urnaí (ChEC 1067-1690; 1114-16)
- forbairt a dhéanamh ar na ceangail atá idir cleachtais liotúirgeacha phobal na hEaglaise agus na creidiúintí agus na teagaisc atá fógraithe
- a dtuiscint ar shacraimintí an Bhaiste, an Chóineartaithe, na hEocairiste, an Athmhuintearais, an Phósta agus na hOrd Coisricthe a fhorbairt
- a dtuiscint ar *An Phaidir* a fhorbairt (ChEC 2759-865)
- tuiscint a fháil gur léiriú ar stair an tslánaithe í an bhliain liotúirgeach.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Fiosrú a dhéanamh ar na ceangail idir an Scrioptúr agus liotúíge na hEaglaise (deasghnáth, urnaí, ceol agus ealaín naofa)
- Scrúdú a dhéanamh ar ealaín, ar fhilíocht agus ar cheol naofa agus fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a spreagann sé daoine chun urnaí a dhéanamh agus chun tuiscint níos doimhne a fháil ar rúndiamhair Dé
- Fiosrú a dhéanamh ar acmhainní urnaitheacha a chuireann le feasacht éiceolaíochta agus áisíneacht freagrach.

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht:**

- Píosa ealaíne, píosa ceoil, píosa filíochta nó paidr a chumadh mar chuid den phaidreoireacht.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Urnaí

- Is ionann urnaí agus intinn agus croí an duine a dhíriú ar Dhia nó achainní a dhéanamh ar Dhia (ChEC 2559, 2562-63).
- Is caidreamh pearsanta le Dia í an urnaí (ChEC 2558, 2565).
- Glaonn Dia ar gach duine gan staonadh chun bualadh Leis Féin (ChEC 2591).
- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thógaimid. (ChEC 2567; GS 18).
- Neartaíonn urnaí ár gcairdeas le hÍosa.
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh (ChEC 741, 2630, 2652; Rómh 8:26-27).
- Cuireann teagasc Íosa faoin urnaí an bhéim ar bhuanseasmhacht, ar bhuíochas agus dúil a bheith againn toil Dé a dhéanamh (Lúc 11:1-13; Lúc 18:1-8; ChEC 2611, 2731).
- Is urnaí lán le grá i láthair Dé í an urnaí mheanman.
- Tá tionchar ag an urnaí ar ár ndearcadh agus ár ngníomhartha (ChEC 2725).
- Sa *Phaidir* tá an chéad trí achainne dírithe ar Dhia; tá na ceithre achainne eile dírithe ar ár riachtanais: iarrann siad go mbeimid beathaithe agus cothaithe, leigheasta ón bpeaca agus go mbeidh an bua ag an mhaith ar an olc (Mth 6:9-13; Lúc 11:2-4; ChEC 2857).
- Is achomaire ar an soiscéal ar fad í An Phaidir (ChEC 2774).
- Sailm: cineálacha salm (m.sh. moladh, achainní, creideamh, amhráin muiníne, caoineadh, aithrí). Samhlaíocht sna sailm.

### *Urnaí Fhoirmeálta*

- *An Phaidir*
- *'S é do bheatha, a Mhuire*
- Salve Regina/Go mbeannaítear duit, a Bhanríon, a Mháthair na trócaire
- Beannú na Naomh-Shacraiminte
- Cré Nicea-Constaintínópail
- Gníomhartha Creidimh, Dóchais agus Grá (ChEC 2098)
- Paidreacha don Spiorad Naomh
- An Choróin Mhuire: Na Rúndiamhra Glórmhara agus Rúndiamhra an tSolais (ChEC 971)
- Memorare
- Comhgháir cuimhneacháin 1
- Iomainn don Aifreann agus freagraí an Aifrinn a chantar.
- Paidreacha do shearmanas an Chóineartaithe.
- Freagraí uile an Aifrinn

### *Paidreacha Breise*

- Sailm 104, 139
- Ag coinneáil dialainne mar mhodh urnaí
- Ag guí ar son cinntí morálta
- Ag guí ar son cearta daonna
- Ag guí ar son saoirse ó chlaontacht
- Urnaí láraitheach

- Turas na Croise (ceithre cinn déag)
- Paidir Anna i Leabhar Samuel
- Benedictus
- An Magnificat
- Paidir shuaimhneasach
- Suaimhneas síoraí

**Liotúirge**

- Is é an liotúirge obair na Tríonóide Ró-Naofa (ChEC 1077-1112).
- Múineann an Eaglais go bhfuil na paidreacha Críostaí, Tríonóideach, go bunúsach, dírithe ar an Athair, trí Chríost, le cumhacht an Spioraid.

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Déanann an Eaglais 'in imeacht bliana, rúndiamhair iomlán Chríost a nochtadh óna bhreith go dtí a Dheascabhál, an Chincís agus sinn ag súil go dóchasach le teacht an Tiarna' (ChEC 1153, 1194; Salm 31:14-15).
- Ceiliúrann an Aidbhint agus an Nollaig geallúint Dé don Slánaitheoir, a chomhlíonadh i gCríost, an Meisia (ChEC 524).
- Tráth speisialta í an Aidbhint agus sinn ag fanacht go dóchasach le teacht an Mheisia, Íosa Críost.
- Tráth í an Aidbhint le fanacht le teacht an tSlánaitheora. Is ullmhúchán atá ann freisin do dheireadh an tsaoil, nuair a thiocfaidh Críost athuair le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh. (ChEC 672, 678).
- Crann Ieise.
- Tráth í an Nollaig chun breith Íosa Críost, an Meisia a cheiliúradh.
- Um Nollaig comhlíonann Dia a gheallúint, Íosa a chur ar an saol, le bheith linn agus chun sonas agus síocháin a thabhairt don chine daonna.
- Is é Íosa Ímeánúéil (Dia linn) (Ís 7:14).
- Tráth é an Carghas chun aithrí agus athmhuintearas a dhéanamh, rud a chuireann i gcuimhne do Chríostaithe go ndúirt Íosa linn 'déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal' (SC 109; ChEC 540).
- Aontaíonn an Eaglais í féin le rúndiamhair Íosa san fhásach i rith dhá scór lá sollúnta an Charghais.
- Ceiliúrann an Eaglais an Carghas mar shéasúr chun ár ngealltanas do mhisean Íosa/Ríocht Dé a athnuachan.
- Tráth é an Carghas chun an Baisteadh a thabhairt chun cuimhne nó chun ullmhú don Bhaisteadh (SC 109).
- Tráth é an Carghas chun seans a thabhairt do Chríostaithe machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann siad a saol.
- Tráth é an Carghas nuair a ghlacaimid páirt in imeachtaí athmhuintearais, aire do na bochtáin san áireamh.
- Is siombal de ghrá Íosa dá dhaoine í an Chrois Chéasta.
- Tugtar 'Tréan' – i.e. trí lá – na Cásca ar Dhéardaoin na Comaoineach, Aoine an Chéasta agus Domhnach Cásca.
- Cuirtear tús leis an Tréan le hAifreann an tSuipéir Dhéanaigh ar thráthnóna Dhéardaoin na Comaoineach agus críochnaíonn sé le Paidir an Tráthnóna ar Dhomhnach Cásca.

- Tráth í an Cháisc chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhás agus ar Aiséirí Íosa, ar a ghlóiriú agus ar theacht an Spioraid Naoimh (ChEC 1163).
- Ceiliúrtar Aiséirí Íosa um Cháisc: an bua ag an mbeatha ar an mbás, an mhaith ar an olc.
- Cuireann Coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn gur aiséirígh Íosa Críost ó mhairbh agus go bhfuair sé an bua ar an bpeaca agus ar an mbás.
- Ag Bigil na Cásca bíonn an Eaglais ag fanacht leis an Aiséirí agus ansin ceiliúrtar é sna Sacraimintí.
- Liotúirge solais na Cásca. Coincheapa an tsolais agus an dorchadais, coinneal na Cásca, an gaol atá idir an Cháisc agus an Baisteadh- ag glacadh le solas Íosa agus ag maireachtáil dá réir. Is é Íosa solas an tsaoil. Tá Bigil na Cásca roinnte i gceithre chuid: searmanas an tsolais, liotúirge an bhriathair, liotúirge an Bhaiste agus liotúirge na hEocairiste.
- Um Chincís déanann an Eaglais ceiliúradh ar an ngeallúint a thug Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig na haspail chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ar talamh, agus iad ag fanacht lena theacht athuair ar lá an bhreithiúnais.
- An Chincís: ceiliúradh de thús na hEaglaise agus an cumhacht atá ag an Spiorad Naomh gach lá a dhéanamh naofa.
- Ar Fhéile na Naomh Uile déanaimid ceiliúradh ar na naoimh ar fad, aitheanta agus anaithnid agus iarraimid a gcuid paidreacha agus a n-idirghuí (an ceangal a dhéanamh le comaoin na naomh: féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí).
- Ar Lá Fhéile na bhfíréan Uile atá Marbh déanann an Eaglais comóradh ar na hanamacha i bpurgadóir atá ag fanacht le hionghlanadh ar a gcuid peacaí sula dtéann siad isteach sna flaithis agus guíonn an eaglais ar a son.
- Sollúntas Chorp Chríost, Sollúntas Chríost Rí na nUile, Sollúntas na Tríonóide Rónaofa.
- Féilte Liotúirgeacha Mhuire: Deastógáil na Maighdine Muire.

### Na Sacraimintí

- Is sna sacraimintí a bhuailimid le hÍosa ag na tráthanna cinniúnacha inár saol agus déantar ócáidí lán de ghrásta astu. (ChEC 1210).
- Bronnann na sacraimintí grásta orainn ach tá orainn a bheith gníomhach inár gcreideamh agus ár gcreidimh a neartú trí na sacraimintí. (ChEC 1128).
- Faighimid na sacraimintí chun sinn a dhéanamh níos naofa, chun an Eaglais a neartú agus chun Dia a adhradh (SC 59; ChEC 1123).
- Tá sé tábhachtach ullmhú cúramach a dhéanamh chun na sacraimintí a cheiliúradh (ChEC 1098).
- Leanann na sacraimintí ar aghaidh le Rúndiamhair Cásca Chríost in aois na hEaglaise (ChEC 1116).
- Is iad an Baisteadh, an Cóineartú agus an Eocairist na sacraimintí insealbhaithe (ChEC 1212).
- Déanann na sacraimintí insealbhaithe baill iomlán den Eaglais de Chríostaithe agus leagann siad an bhunchloch don saol Críostaí (LG 7; ChEC 1121-22).
- Bronnann an Baisteadh agus an Cóineartú 'séala' sacraimintiúil nó lorg/marc spioradálta agus dá bharr sin ní féidir iad a ghlacadh ach aon uair amháin (ChEC 1121, 1280, 1317).
- Déantar Críostaí de dhuine nuair a ungtar é/í le hola an Chriosma.
- Saorann an Baisteadh daoine ó pheaca an tsinsir agus ó pheaca pearsanta, rud a dhéanann páistí Dé agus baill den Eaglais díobh agus tugann sciar dóibh i misean na hEaglaise. Tá sé seo riachtanach don slánú. (ChEC 1213, 1262, 1279).
- Iarrann an Baisteadh orainn a bheith páirteach i mbunú Ríocht Dé (GS 38).

- I ndeasghnáth an Bhaiste tumtar an t-iarrathóir in uisce nó doirtear uisce ar a c(h)eann, fad is a deirtear 'baistim tú in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh' (ChEC1278).
- Geallúintí an Bhaiste agus an chaoi a bhfuil orainn maireachtáil dá réir agus iad a athnuachan.
- Siombail an Bhaiste: uisce – ag glanadh agus ag tabhairt na beatha; ola – ag neartú agus ag leigheas; solas – ag cur an ruaig ar an dorchadas; éadach bán – 'ag caitheamh Chríost'; an pobal mar shuíomh ina bhfuil Críost i láthair.
- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa.
- Méadaíonn agus láidríonn an Cóineartú ionainn an Spiorad Naomh a fuaireamar ag an mBaisteadh: Is é seo an sacraimint a thugann an Spiorad Naomh le go mbeimid aontaithe níos dlúithe le Críost, ár gceangal leis an Eaglais láidrithe, a thugann cúnamh dúinn páirt a ghlacadh ina misean agus fianaise a thabhairt do Chríost i mbriathar agus i ngníomh (LG 11; ChEC 1285, 1288, 1316).
- I ndeasghnáth an Chóineartaithe ungtar an clár éadain le Criosma naofa, leagann an ministéir lámha ar cheann an iarrthóra agus deir na focail seo: 'ungaím tú le bronntanas an Spioraid Naoimh' (ChEC 1295, 1320).
- Úsáideann an Cóineartú na comharthaí seo: leagan lámh ar an iarrthóir, ungadh, comhartha na síochána (ChEC 1293-96, 1299, 1301).
- Siombail an Spioraid Naoimh: uisce, ungadh, tine, scamall agus solas, an séala, an lámh, an mhéar, an colúr, gaoth, anáil (Ruah) (ChEC 694-701).
- Sa Chóineartú séalaítear Críostaithe le bronntanas an Spioraid Naoimh a léiríonn go mbaineann siad le Críost (ChEC 1296).
- Tráth atá sa Chóineartú geallúintí an Bhaiste a thabhairt chun cuimhne agus iad a athnuachan.
- Tugann Íosa Aiséirithe a Spiorad dúinn i sacraimint an Chóineartaithe.
- Bronntanais agus torthaí an Spioraid Naoimh (ChEC 1831, féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí).
- Is é an t-easpag a bhíonn mar mhinistéir ag sacraimint an Chóineartaithe de ghnáth, ach is féidir leis an dualgas seo a thabhairt do shagart más gá. (ChEC 1312).
- Beannaíonn an t-easpag an Criosma naofa don deoise ar fad ag Aifreann an Chriosma ar Dhéardaoin na Comaoineach (ChEC 1297).
- Baintear úsáid as a lán téármaí chun cur síos a dhéanamh ar shacraimint mhaithiúnais, ghrámhair Dé. Seo trí cinn acu: Faoistin, Aithrí, Athmhuintearas (ChEC 1423).
- Tá cur síos déanta ag Íosa ar phróiséis an athruithe agus an aithreachais sa pharabal faoin mhac drabhlásach (ChEC 1439; RP 5, 10, 26).
- Go príomha, is bronntanas ón Athair neamhaí é an tAthmhuintearas. (RP 5, 10).
- Is ionann peaca agus an rogha a dhéanamh a bheith easumhal do Dhia (ChEC 386-87, 1850; RP 14, 17).
- Is ionann peaca agus neamhshuim agus neamhspéis a léiriú i leith Dé (RP 14, 18).
- Déanaimid peaca nuair a dhéanaimid gníomh in aghaidh dlí grámhar Dé (peacaí de réir gnímh) agus nuair a dhéanaimid faillí, in aon turas, rud éigin maith a dhéanamh (peacaí na faillí).
- Nuair a dhéanaimid peaca, déanaimid dochar don chaidreamh atá againn le Dia agus leis an bpobal, Corp Chríost.

- Nuair a ghlacann Críostaithe sacraimint na hAithrí/an Athmhuintearais, faigheann siad maithiúnas ó Dhia ar na cionta a rinne siad ina aghaidh agus ag an am céanna déantar athmhuintearas leis an Eaglais a ghortaigh siad lena bpeaca. (LG 11).
- Trí urnaí agus aithrí a dhéanamh mar chúiteamh ar an dochar atá déanta ag na peacaí a rinne siad, is féidir le daoine maithiúnas a fháil ó Dhia.
- I Sacraimint an Athmhuintearais, faigheann Críostaithe grásta ó Dhia chun leasaithe a dhéanamh ina saol agus chun a bheith níos dílse do aitheanta Dé sa todhchaí.
- Nuair a admhaímid ár gcuid peacaí go rialta sa bhfaoistin láidrímid ár gcaidreamh le hÍosa Críost, cabhraíonn sé linn ár gcoinsias a mhúnlú, cathú a throid agus maireachtáil cosúil le hÍosa (ChEC 1458).
- Ullmhaímid don Athmhuintearas le scrúdú coisiasa (ChEC 1484; RP 31).
- Tugann an Spiorad Naomh cúnamh dúinn fás agus athrú (iompú).
- Is féidir le Críostaithe a lán cineálacha aithrí a dhéanamh chun athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus le daoine eile. Ina measc tá urnaí, troscadh agus ag tabhairt déirce (ChEC 1434; RP 26).
- Is sacraimintí seirbhísí iad Sacraimintí an Phósta agus na nOrd Coisricthe (ChEC 1113).
- Is conradh eisiach agus saoil idir fear agus bean é an Pósadh (GS 48; ChEC 1614).
- I sacraimint an Phósta láidríonn an Spiorad Naomh an grá agus an dílseacht idir fear agus a bhean chéile (GS 48; ChEC 1624).
- Tugann Sacraimint an Phósta grástaí agus beannachtaí speisialta do chúplaí pósta le go mbeidh siad in ann grá a thabhairt dá chéile, dá bpáistí, seirbhís a thabhairt do dhaoine eile agus pobal Críostaí a thógáil (GS 48; LG 11; ChEC 1534, 1641-54).
- I sacraimint na nOrd Coisricthe, glaoitear fir chun seirbhís a thabhairt do dhaoine eile i bpobal na hEaglaise mar dheagánaigh, mar shagairt nó mar easpaig (ChEC 1548-1551).
- Trí shacraimint na nOrd Coisricthe, faigheann an sagart bronntanas ón Spiorad Naomh le go mbeidh ar a chumas a mhinistreacht a chur i gcrích le ceannasaíocht agus chun seirbhís a thabhairt (cf. LG 11; PO 2).
- Is é an t-easpag a bhronnann sacraimint na nOrd Coisricthe trí shearmanas coisreacain a leanann leagan na lámh (ChEC 1538, 1573).
- Ar nós an Bhaisteadh agus an Cóineartú, fágann sacraimint na nOrd Coisricthe lorg sacraimintiúil agus mar sin ní féidir é a ghlacadh ach aon uair amháin (ChEC 1597).
- Tá trí chéim ag baint le Sacraimint na nOrd Coisricthe: deagánach, sagart agus easpag (ChEC 1536).
- Bíonn sagairt coisricthe chun an soiscéal a chraobhscaoileadh, a bheith i gceannas na liotúirge agus a bheith rannpháirteach in aire agus rialachas tréadach (LG 28; PO 4-6; ChEC 1592).
- Tugann sagairt aird faoi leith ar na bochtáin, na heasláin agus iad siúd atá ar an ngannchuid (PO 6; ChEC 1586).
- Cleachtann sagairt agus déagánaigh an rud a mhúineann siad ina saol féin (LG 28; PO 3, 6).

**An tAifreann**

- Ag an leibhéal seo dírítear ar shé bhuaic phointe den Aifreann:
  1. Láithreacht na hEocairiste
  2. Íobairt Chuimhneacháin
  3. Moladh agus Buíochas
  4. Comaoineach
  5. Gealltanas na Beatha Síoraí (ChEC 1378-81; 1391-1401; 1418)
  6. Struchtúr an Aifrinn (ChEC 1348-55).
- Is í an Eocairist croílár agus buaic phointe saol na hEaglaise (ChEC 1407).
- Comharthaí riachtanacha: 1) Arán cruithneachta agus fíon fionnúna; 2) focail an choisreacain a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach 'is é seo mo Chorp…' (ChEC 1412).

*1. Láithreacht na hEocairiste*

- Trí chumhacht an Spioraid Naoimh, déantar Fuil agus Corp Íosa Críost den arán agus den fhíon (ChEC 1412).
- Bíonn Críost i láthair ar bhealach atá réalaíoch, substaintiúil: a Chorp agus a chuid Fola, a anam agus a dhiagacht. Tugtar 'tras-substaintiú' ar an aistriú seo (ChEC 1373-77, 1413).
- Tarlaíonn an coisreacan i rith na Paidre Eocairistí.
- Táimid in ann freagra a thabhairt ar láithreacht Íosa Críost sa taibearnacal trí urnaí agus adhradh (PO 5, 18; ChEC 1378, 1381).
- Táimid in ann freagra a thabhairt ar láithreacht Íosa Críost i ndaoine eile trí ghrá agus seirbhís a thabhairt dóibh (ChEC 1397).
- Deabhóidí speisialta don Sacraimint Ró-Naofa: m.sh. Beannú na Naomh-Shacraiminte; an uair bheannaithe.

*2. Íobairt Chuimhneacháin*

- Is í beatha agus bás Íosa Críost (a íobairt) a bhronntanas don Athair ar son slánaithe an chine dhaonna.
- Ní hamháin go bhfuil ar Chríostaithe aithris a dhéanamh ar Íosa, ach tá orthu a bheith aontaithe go dlúth leis. Thug Íosa cuireadh dá dheisceabail agus dá chairde a bheith aontaithe leis ina ofráil eisiach ar son an domhain uile (DP 86; c.f. SC 48). In íobairt an Aifrinn ofráileann Íosa é féin do Dhia an tAthair agus ofráilimid sinn féin ina theannta don Athair (LG 11; ChEC 1330, 1368, 1362-72; Lúc 22: 19-20).
- Is í an Eocairist cuimhneachán Cháisc Chríost, is é sin, an saothar slánaithe a chuir beatha, bás agus aiséirí Chríost i gcrích. (ChEC 1409).

*3. Moladh agus Buíochas*

- Thar aon ní eile ciallaíonn Eocairist 'buíochas' (ChEC 1360).
- Glacann an Phaidir Eocairisteach buíochas leis an Athair as ucht Íosa Críost a thabhairt dúinn. (ChEC 1103, 1352, 1359).
- Ag an Eocairist glacaimid buíochas le Dia as ucht beannachtaí an chruthaithe (CE p. 17).

*4. Comaoineach: comhartha aontachta*

- Ag an Aifreann faighimid neart agus cothú spioradálta chun grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa (ChEC 1359- 61; ChEC 1392).
- Tugann ceiliúradh na hEocairiste dúshlán dúinn maitheas an domhain a roinnt le cách, go háirithe na bochtáin agus a bheith airdeallach ar fholláine an chruthaithe.

*5. Gealltanas na Beatha Síoraí*

- Tugann Íosa Críost an Eocairist dúinn mar gheallúint go mbeimid leis go glórmhar sna flaithis mar dúirt sé 'Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh, má itheann aon duine an t-arán seo, mairfidh sé go deo (Eoin 6:51; SC 8; ChEC 1323, 1419).

*6. Struchtúr an Aifrinn*

- Is é bunús na hEocairiste ná cleachtas Íosa bord a roinnt lena chairde, cleachtas a chríochnaigh leis an Suipéar Déanach.
- Struchtúr an Aifrinn a chur i gcomparáid leis an mbéile a bhí ag Íosa lena dheisceabail tar éis dó a bheith ag comhrá leo ar an mbóthar go hEamaús (ChEC 1347).
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le briathar Dé agus é a thuiscint ionas go mbeimid in ann maireachtáil dá réir (ChEC 1100-01).
- Baintear úsáid as an Seanmóir chun Ríocht Dé/láithreacht Íosa Críost a fhógairt agus chun cabhrú linn briathar Dé a chleachtadh (SC 34, 52; ChEC 1349).
- I 'nGuí an Phobail' déantar idirghuí ar son na hEaglaise, ar son na n-údarás sibhialta, ar a son siúd atá faoi chois de bharr riachtanais faoi leith, ar son gach duine agus ar son slánaithe an domhain uile (SC 53).
- Sna Créanna (An Chré Nicea-Constaintínópail agus Cré na nAspal) cuirimid in iúl fírinní lárnacha an chreidimh Chríostaí.
- I rith na hEocairiste tá uaireanta faoi leith i gcóir maithiúnais: Gníomh Aithrí, An Phaidir, Comhartha na Síochána, Uain Dé.
- Nuair a ofráilimid an tAifreann Naofa, cuirimid íobairt shlánaithe Chríost i bhfeidhm chun cabhrú leis na beo agus na mairbh.

# Snáithe: Moráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:
- tuiscint gur léiriú agus toradh ar ár gcaidreamh le Dia é an saol morálta
- fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag caidreamh na gCríostaithe le hÍosa ar a gcreidimh agus ar a gcuid luachanna agus ar an gcaoi a léiríonn siad é seo lena mbriathra agus lena ngníomhartha ina saol laethúil (LG 50; cinnteoireacht Chríostaí)
- tuiscint gur 'saol nua i gCríost'é an saol morálta a chaitear le cúnamh ón Spiorad Naomh (VS 21)
- a dtuiscint ar na cúinsí a mbeidh tionchar acu ar iompar morálta a fhorbairt maraon leis na cúinsí atá riachtanach chun an iompar sin a chur chun cinn
- fiosrú a dhéanamh ar an gconradh nua le hÍosa agus conas maireachtáil dá réir (Dlí an Ghrá), na Deich nAitheanta agus na Biáide agus le creideamh, dóchas agus grá (ChEC 1812)
- scrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh idir dea shampla Íosa, luachanna morálta Críostaí agus an cultúr comhaimseartha
- tosú ag cleachtadh sár-luachanna iompair ina saol féin (féinmhachnamh morálta)
- coincheapa de pheaca pearsanta, grásta agus tiontú a fhorbairt
- feasacht ar cheartas sóisialta, ar cheartas éiceolaíochta, ar dhlúthpháirtíocht uilíoch agus ar fhreagracht a fhorbairt
- forbairt a dhéanamh ar a dtuisceana ar ghnéasacht daonna lastigh de chreatlach morálta, spioradálta agus sóisialta le béim faoi leith curtha ar shuáilce na geanmnaíochta (OCG).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí:

**Tuiscint**
- Eiseamláirí dá saol morálta féin a fhiosrú agus a mheas; ceangal a dhéanamh idir chinntí agus tréithe pearsanta a n-eiseamláiri agus an tuiscint atá acu féin ar shaol morálta (carachtar morálta: ionracas agus freagracht)
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcostas agus ar an dúshlán a bhaineann le saol morálta Críostaí a chleachtadh
- Cleachtais a thacaíonn le luachanna, teagaisc agus suáilcí Críostaí a aimsiú
- Na luachanna, dearcthaí agus na hionchais a bhaineann le saol agus le cultúr an lae inniu a aithint agus a mheas
- Na nascanna idir scéal na Críostaíochta de Chruthú an Domhain, an méid atá ar eolas againn ón eolaíocht agus an cheist mhorálta a bhaineann leis an gcaoi a gcaitheann daoine leis an domhan nádúrtha a aithint.

**Cumarsáid:**
- Straitéisí chun sochaí agus domhan níos cirte a fhorbairt (áisíneacht mhorálta agus úsáid na samhlaíochta).

Leibhéal a 4

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Dínit an Duine

- Is bronntanas ó Dhia é beatha an duine (Taisp 4:11; ChEC 295).
- Is é toil Dé é go mbeadh gach duine mar aon chlann amháin agus go gcaithfidís le chéile mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha. (GS 24, 32; LG 13).
- Iarrtar ar gach Críostaí a c(h)uid buanna féin a fhorbairt agus a c(h)uid freagrachtaí a chomhlíonadh le go mbeidh siad naofa (LG 39-41; AG 28).
- Tá dínit agus cearta ag gach duine de bhrí go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé (GS 12, 26; ChEC 225, 356-57, 1907, 1701 ff., 1930, 2070).
- Is bronntanas de ghrá Dé é ár ndínit agus níl sé ag brath ar chine, inscne, stádas eacnamaíocht, éachtaí daonna ná ár n-áit sa sochaí.
- Bíonn meas ag Críostaithe ar chearta bunúsacha gach duine (ChEC 1944, 2479, 2507, 1782, 2106).
- Tá ceart ag gach duine do na rudaí seo a leanas: bia, éadach agus dídean, oideachas, fostaíocht, meas, eolas cuí, a gcoinsias a leanúint, príobáideachas agus saoirse creidimh (GS 26; PT 11-27, 106).
- Is luachmhaire i bhfad pearsantacht an duine ná méid a mhaoine saolta (GS 35).

### Saoirse agus Freagracht an Duine

- Glaonn Dia orainn agus tá an saoirse againn é a fhreagairt (gairm bheatha).
- Is féidir linn coimhlint a bheith againn idir ceart agus mícheart, an mhaith agus an t-olc, solas agus dorchadas (GS 13; ChEC 1707).
- Baineann na roghanna a dhéanann an duine idir ceart agus mícheart leis an duine ina iomláine-mothúcháin, braistintí agus réasúnú.
- Bronntanais luachmhara atá i mothúcháin ar cóir a úsáid go freagrach.
- Tá sé tábhachtach aidhmeanna a aithint agus freagracht a ghlacadh astu.
- Is bronntanas ó Dhia é an coinsias agus cabhraíonn linn an rud ceart a aithint thar an rud mícheart (GS 16, ChEC 1713, 1776ff.).
- Is breithiúnas é an coinsias a chabhraíonn linn an mhaith a aithint agus freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha (ChEC 1781).
- Cabhraíonn na rudaí seo linn ár gcoinsias a chur ar an eolas: Briathar Dé, bronntanais an Spioraid Naoimh, fianaise nó comhairle daoine eile agus teagaisc údarásach na hEaglaise (ChEC 1785).
- Nóta: Tá coincheapa teagaisc ar pheaca agus ar mhaithiúnas le fáil sa snáithaonad faoin liotúirge/urnaí.

### Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Is ag an bPápa agus na heaspaig atá an t-údarás teagaisc san Eaglais agus treoraíonn siad sinn inár saol morálta.
- Is féidir le luachanna agus teagaisc Íosa cabhrú linn roghanna maithe a dhéanamh.
- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh (ChEC 1697).
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le daoine grá a thabhairt don mhaith agus an t-olc a sheachaint (ChEC 1810).

- Cabhraíonn an liotúirge agus na sacraimintí le Críostaithe maireachtáil ar nós Íosa (ChEC 2030, 2047).
- Déanann Críostaithe rudaí maithe de bhrí gurb é sin an rud ceart le déanamh agus de bharr an ghrá atá acu do Íosa (ChEC 1828).
- Spreagann grá agus trócaire Dé Críostaithe chun maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.
- Ní hamháin gur athdhearbhaigh Íosa aitheanta an tSean Chonradh ach thug sé aithne nua 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile' (Eoin 13:34; ChEC 1968, 1823, 1970, 1972).
- Is cur síos atá sa Seanmóir a rinne Íosa ar an Sliabh ar na gníomhartha agus na dearcthaí atá riachtanach chun Ríocht Dé a chur i bhfeidhm (Mth 5-7; ChEC 1717, 1726).
- Na Biáide (Mth 5:1-11; ChEC 1716-29).
- Múineann na Biáide dúinn Dia a ghráú thar gach ní (ChEC 1723, 1728).
- Ní athraíonn teagasc Íosa sna Biáide na hAitheanta, ach cabhraíonn sé linn tuiscint a fháil go dtosaíonn Íosa a leanúint sa chroí' (ChEC 1968).
- Insíonn Íosa dúinn conas a Ríocht a láidriú trí na Deich nAitheanta, Aithne Nua an ghrá agus na Biáide a leanúint (ChEC 1716-1729; 1967-74).
- Iarrann an Tiarna orainn grá a thabhairt mar a thugann seisean, fáilte a chur roimh an stráinséar agus páistí agus na bochtáin a ghráú mar a dhéanfadh Críost (Mth 5:44; Lúc 10:27-37; Mc 9:37; Mth 25:40, 45; ChEC 1825, 1931-33).
- Ordaíonn teagasc Íosa ar an ngrá dúinn gortaithe a mhaitheamh, ár naimhde a ghráú agus guí ar son ár ngéarleantóirí (Mth 5:44; Mth 6:14; Lúc 6:27-29; GS 28).
- Thug Íosa rabhadh dúinn go scriosann fearg agus fuath sinn (Mth 5:22; ChEC 2302).
- Tá trí shuáilce diaga ann: creideamh, dóchas agus carthanacht (ChEC 1813).
- Le creideamh, creidimid i nDia agus gach a bhfuil nochtaithe aige dúinn agus go seasann an Eaglais Bheannaithe lenár gcreidimh (ChEC 1842).
- Le dóchas, santaímid an bheatha shíoraí le muinín as Dia agus na grástaí a thugann sé dúinn. (ChEC 1843).
- Le cathrthanacht, tugaimid grá do Dhia thar gach uile ní agus ár gcomharsa mar sinn féin, ar son ghrá Dé (ChEC 1844).
- Cúig Fhoraithne na hEaglaise:
  - Freastalóidh tú ar an Aifreann ar an Domhnach agus ar laethanta saoire fógartha eaglaise.
  - Admhóidh tú do pheacaí sa bhfaoistin ar a laghad uair sa bhliain,
  - Glacfaidh tú do Chruthaitheoir sa Chomaoineach Naofa i rith séasúr na Cásca, ar a laghad.
  - Coinneoidh tú na laethanta saoire fógraithe eaglaise naofa.
  - Tabharfaidh tú aird ar laethanta aitheanta troscadh agus tréanais (ChEC 2041).
- Ba chóir na Deich nAitheanta a chuir i láthair athuair ag an leibhéal seo.

### Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Múineann Íosa dá lucht leanúna meas, caoinfhulaingt agus comhbhá a bheith acu do dhaoine eile.
- Cuireann Íosa dínit na mban chun cinn (MD 12-13).
- Tá dínit chothrom ag fir agus mná (ChEC 369; 1605, ChEC 2334).
- Tá gach cineál leatrom, bíodh sé bunaithe ar inscne, cine, dath, coinníol sóisialta, teanga nó reiligiún in aghaidh toil Dé (GS 29).
- Tá Íosa go mór in aghaidh na héagóra agus múineann sé dúinn conas maireachtáil de réir an chirt.

- Tá Íosa ag iarraidh go n-aithneoimid a láithreacht féin sna bochtáin (ChEC 2449).
- Tá misean faoi leith ag an Eaglais do na bochtáin, na heasláin agus iad siúd atá ar an imeall (ChEC 2448).
- Oibríonn adhradh Dé agus oibreacha ar son an cheartais as lámh a chéile (GS 43; Ís 58:5-9; Am 5:21-4; Míocá 6:8).
- Iarrtar ar Chríostaithe gníomhú ar son na síochána agus an cheartais sa domhan (GS 78-9; cf. ChEC 2307, 2327).
- Tugann an Eaglais freagra ar an éagóir trína cuid institúidí agus a cuid eagraíochtaí.
- Tá torthaí an chruthaithe dlite don chine daonna ar fad agus ba chóir go mbeidís roinnte go cothrom (GS 69: ceann scríbe uilíoch na nithe saolta; ChEC 353, 2452; CSDC 171).
- Caithfear ár bhfreagracht do fholláine agus dea-bhail gach speiceas eile a thógáil san áireamh mar chuid de cheann scríbe uilíoch na nithe saolta.
- Tá luach faoi leith ag gach créatúr ina cheart féin agus níl siad ar an domhan ar mhaithe le húsáid an duine amháin (ChEC 339).
- Is próiséas leanúnanach é an cruthú agus táimid in ann comhoibriú le plean Dé don chruthú (ChEC 307, 323).
- Nochtann scéal an chruthaithe go bhfuil Dia ag iarraidh ar an gcine daonna bac a chur leis na cúinsí a mhilleann nó a dhéanann damáiste don domhan nádúrtha (ChEC 373, 2402; SRS 34: maoirseacht).
- Cuir san áireamh: ceisteanna an cheartais sa phobal áitiúil: timpeallacht, eacnamaíocht, cultúir, politiciúil, bonneagair, sóisialta m.sh. cúram na sean, daoine gan dídean, ceisteanna comhionannais, bochtanas, tomhaltachas agus an timpeallacht.
- Staidéar a dhéanamh ar eagraíochtaí a oibríonn ar son na síochána agus an cheartais ar fud an domhain (m.sh. Trócaire, Cumann na Croise Deirge, An Coimisiún Caitliceach ar son an Cheartais, na Síochána agus na hÉiceolaíochta, Lá Idirnáisiúnta na mBan srl).
- Scéalta faoi eiseamláirí áitiúla, fiú daoine ar chomh aois leo féin, a léiríonn na cinntí agus na gníomhartha a fhéadfadh páistí aithris a dhéanamh orthu ina saol morálta féin.
- Cuir san áireamh eiseamláirí a raibh a ngníomhartha morálta frith-chultúrtha (m.sh. ceannairí na sufraigéidí).
- Cuir san áireamh eiseamláirí a raibh deacrachtaí acu na roghanna cearta a dhéanamh (m.sh. Huckleberry Finn).
- Scéalta faoi Chríostaithe comhaimseartha a mhaireann de réir a gcreidimh reiligiúnacha.
- An Caidreamh idir Creideamh agus Réasún.
- Cuntaisí Eolaíochta ar bhunús na cruinne atá ag teacht le cuntaisí neamh-eolaíochta sna Scrioptúir.
- Tá an Eolaíocht agus an Scrioptúr Naofa ag teacht le chéile chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar iontas chruthú Dé (ChEC 37, 159, 283-9).

### OCG i gcomhthéacs Críostaí

- *Nóta:* déantar obair ar an séú agus ar an naoú aithne i gcomhpháirt le cur síos ar chollaíocht daonna, a fhiúntas agus a áit cheart i gcomhthéacs an phósta. Chun na haitheanta seo a choinneáil ní mór suáilce na geanmnaíochta a chleachtadh.
- Is é an grá an ghairm bhunúsach, dhúchasach atá ag gach duine. (FC 11; LFL 19, 21). Cuirtear an ghairm seo i bhfeidhm ar bhealach atá iomlán éagsúil óna chéile: sa phósadh nó i saol aontumhach ar son na Ríochta (FC 16; EGHL 56; HS 34).
- Tá ár gcoirp go maith toisc gur chruthaigh Dia iad agus ardóidh sé iad ag críoch na n-aoiseanna (GS 14).

- Tá an corp daonna naofa- íomhá sofheicthe de Dhia.
- Chruthaigh Dia daoine - iad fireann agus baineann agus b'shin plean Dé don chruthú.
- Tá an corp fireann agus an corp baineann ina mbealaí speisialta féin, déanta in íomhá agus i gcosúlacht Dé.
- Is cuid den éagsúlacht a bhaineann le bronntanais Dé é an difríócht atá idir an corp fireann agus an corp baineann.
- Tá an chollaíocht go maith toisc gur bronntanas ó Dhia í (HS 11; LFL 28; HS 4, 11).
- Tugann an chollaíocht seans fíor-ghrá, grá soilíosach a roinnt (EGHL 36).
- Comhlíonann an chollaíocht plean Dé don ghrá (LFL 24).
- Is é buaic phointe na collaíochta nuair a thugann fear agus bean iad féin go hiomlán dá chéile go dtí a mbáis (HS 3, 31).
- Is bronntanas iontach ó Dhia é an gnéas a bhfuil an cumas aige saol nua a ghiniúint sa chorp daonna. (HS 96).
- Is cumhacht spioradálta í an gheanmnaíocht a chabhraíonn linn grá agus meas a bheith againn orainn féin agus ar dhaoine eile. Cabhraíonn sí linn déileáil le daoine eile le hurraim de bhrí go bhfuil siad cruthaithe in íomhá Dé (HS 16-17; ChEC 2337-91).
- Tá an bheatha luachmhar agus tugtha ag Dia dúinn-ó ghiniúint go bás nádúrtha.
- Is cumhacht spioradálta í an gheanmnaíocht a shaorann an grá ó leithleas agus ionsaí le go mbeidh gach duine in ann fíor-ghrá a thabhairt ag brath ar a ngairm bheatha (HS 4, 16-21; LFL 138).
- Cleachtann an Críostaí suáilce na geanmnaíochta trí chuibheas agus cúlántacht a chothú ina iompar, a ghléasadh agus a chuid cainte (HS 4, 56).
- Ní hamháin go bhfuil collaíocht fisiciúil ach tá sé siceolaíoch agus spioradálta (EGHL 5; HS 3, 13).
- Glaoitear orainn grá agus sinn féin a thabhairt dá chéile agus sinn aontaithe i gcorp agus i spiorad. (HS 10).
- Tugann grá an phósta an bronntanas is mó ar fad do chúplaí pósta – is é sin a bheith mar chomhoibrithe le Dia chun saol nua a thabhairt don duine daonna (HS 15).
- Is gníomh grá lastigh den phósadh é an caidreamh collaí (FC 11, EGHL 5, 95; HS 14).
- Tá meas ag Críostaithe ar an mbeatha mar tagann an bheatha ó Dhia agus tá ceart na beatha ag gach duine. Mar sin, tá cosc ar ghinmhilleadh (ChEC 2258, 2319; HS 137).


St Conleth &
Primary